Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2019

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

THURSDAY 30 MAY, AFTERNOON

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

 Indicates track break

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, 2019
Irish
Advanced
Listening Component

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1

Is scríbhneoir Gaeilge é Seán Ua Cearnaigh a rugadh agus a tógadh i dTiobraid Árann ach a bhfuil cónaí anois air i Loch Garman. Tá neart scríofa aige ar stair na hÉireann agus thosaigh sé a scríobh úrscéalta do dhéagóirí chomh maith le cúpla bliain anuas. Is é *lománaí ón lasacht* an t-úrscéal is déanaí dá chuid. Bhain an saothar céanna duais Chumann Lúthchleas Gael i gComórtas Liteartha an Oireachtais.

Cuireann an t-úrscéal síos ar shaol Karol Luska, gasúr de bhunadh na Polainne, a thagann a chónaí in Éirinn. Chaill athair Karol a phost sa Pholainn nuair a druideadh an mhonarcha milseán a raibh sé ag obair inti. Bhí cara le hathair Karol ina chónaí i dTiobraid Árann in Éirinn cheana féin agus d'inis sé d'athair Karol faoi phost i monarcha seacláide. D'éirigh le hathair Karol post a fháil sa mhonarcha in Éirinn agus tháinig an teaghlach go hÉirinn.

Thaitin an ceantar tuaithe i dTiobraid Árann le Karol agus d'éirigh go maith leis ar scoil. Ar an drochuair do Karol, chuir sé seo éad ar ghasúr eile sa scoil darbh ainm Tomás Ó Duibhir a bhíodh ag tromaíocht air. Tharla, áfach, go raibh Tomás i dtrioblóid mhór agus gurbh é Karol a shábháil é. D'éirigh siad cairdiúil lena chéile ina dhiaidh sin agus chuidigh Tomás le Karol an iomáint a imirt. Fuair Karol a áit ar fhoireann iomána na scoile agus bhain siad cuid mhór comórtas.

Thit Karol i ngrá le cailín darb ainm Niamh as Tiobraid Árann agus bhí siad beirt croíbhriste nuair a bhí air dul ar ais chun na Polainne.

Is úrscéal nua-aimseartha é seo a phléann ábhar comhaimseartha de chuid na hÉireann.

Source: Examiner.

Ba é an Taoiseach a d'oscail Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh go hoifigiúil i Ros Muc i gConamara ar an deichiú lá de mhí na Samhna. Ionad nua-aimseartha atá ann a chuireann síos ar an tsaol a bhí ag Pádraig Mac Piarais sa cheantar sin breis agus céad bliain ó shin. Thug an Piarsach cuairt ar Ros Muc sa bhliain naoi déag agus a trí. Bhí sé ag obair mar mhúinteoir do Chonradh na Gaeilge agus bhí sé sa cheantar ag cur scrúdú cainte ar roinnt daltaí as Ros Muc. Nuair a chonaic sé an ceantar den chéad uair, thit sé i ngrá leis láithreach. D'fhill sé ar an áit gach samhradh ina dhiaidh sin, le snas agus blas a chur ar a chuid Gaeilge féin.

Ba sa bhliain naoi déag agus a naoi a thóg an Piarsach teach ceann tuí i Ros Muc agus chaith sé cuid mhór ama ann. Chuir sé aithne ar mhuintir na háite agus bhí meas mór aige orthu. Deirtear gur scríobh an Piarsach cuid mhaith óráidí tábhachtacha agus é sa teach ceann tuí i Ros Muc, Forógra Phoblacht na hÉireann, ina measc.

Nuair a fuair an Piarsach bás sa bhliain naoi déag sé déag níor tugadh aire don teach agus thit sé as a chéile. Tháinig muintir na háite le chéile na blianta ina dhiaidh sin leis an teach a athchóiriú agus a chaomhnú. Le tacaíocht airgid ón rialtas, tá ionad nua cultúrtha tógtha in aice leis an teach anois. Tá taispeántas idirghníomhach agus ilmheáin san ionad a thugann stair na háite chun beatha. Is féidir turas treoraithe a chur in áirithe le tuilleadh a fhoghlaim faoin teach agus faoi stair na háite.

Tá muintir na háite an-bhródúil as an ionad cultúrtha a bhfuil cúigear fostaithe ann. Tá bialann ghalánta agus siopa leabhar ann fosta. Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar an ionad nua seo agus is fiú amharc ar an tsuíomh idirlín le tuilleadh eolais a fháil.

Source: Examiner.

This is the end of the recording.